AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.4.2021
COM(2021) 184 final

2018/0190 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis

an seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

2018/0190 (COD)

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis

an seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

1. CÚLRA

An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2018)0366)	30 Bealtaine 2018
An dáta a ghlac Coiste na Réigiún a Thuairim maidir leis an togra	6 Feabhra 2019
An dáta a ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a Thuairim maidir leis an togra	12 Nollaig 2018
Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh:	28 Márta 2019
Dáta chomhaontú na Comhairle maidir le cur chuige ginearálta	14 Nollaig 2018
Dátaí na gcruinnithe tríthaobhacha	9 Deireadh Fómhair 2019 26 Samhain 2019 12 Nollaig 2019 14 Nollaig 2020
An dáta a dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú comhréitigh	18 Nollaig 2020
An dáta a vótáil an Coiste um Chultúr agus um Oideachas Pharlaimint na hEorpa leis an gcomhaontú comhréitigh a fhormhuiniú	11 Eanáir 2021
An dáta a ghlac Coiste na mBuanionadaithe an seasamh ón gComhairle (Mír I/A)	31 Márta 2021
An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle, an chéad léamh	13 Aibreán 2021

2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN GCOIMISIÚN

Tá an clár ar cheann de na hionstraimí cistiúcháin faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Mhol an Coimisiún buiséad foriomlán EUR 1.85 billiún le haghaidh Eoraip na Cruthaitheachta.

Leis an gclár nua Eoraip na Cruthaitheachta, lena dtugtar tacaíocht d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-áirítear an earnáil closamhairc, cuirtear leis an méid a baineadh amach leis an gclár atá ann faoi láthair, ach an clár nua, is clár é atá níos uaillmhianaí lena ndéantar iarracht freagairt do na forbairtí is déanaí, amhail an méadú atá tagtha ar an iomaíocht dhomhanda agus ar an digitiú. Tá na trí shraith seo a leanas ann: an tsraith CULTÚR, an tsraith MEDIA agus an tsraith TRASEARNÁLACH. Leis an gclár cuirtear deiseanna ar fáil d'oibreoirí cultúrtha agus cruthaitheacha forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh Eorpacha trasteorann atá nuálaíoch ó thaobh na teicneolaíochta de, d'fhonn saothair Eorpacha a mhalartú, a chomhchruthú, a chomhtháirgeadh agus a dháileadh agus iad a chur ar fáil do spriocphobail níos leithne níos ilchineálaí. Ina theannta sin, cuirfidh an clár dlús leis an tástáil a dhéantar ar shamhlacha nua gnó lena gcuirtear ar chumas cruthaitheoirí, mar shampla, an úsáid is fearr a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha ar mhaithe le cruthú agus le spriocphobail a mhealladh. Thairis sin, leis an gclár nua, tacófar le gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu neartú le hearnáil na meán atá saor, éagsúil agus iolraíoch san Eoraip, agus tacófar freisin le cuir chuige criticiúla i leith inneachar meán trí litearthacht sna meáin a chothú.

3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

Sa seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh, a glacadh an 28 Márta 2019, moladh leasuithe ar an togra ón gCoimisiún, agus moladh go sonrach:

– Buiséad: an buiséad a mhéadú faoi dhó (arna sloinneadh i bpraghsanna tairiseacha) agus miondealú céatadáin idir sraitheanna a bheith ann (CULTÚR, MEDIA, TRASEARNÁLACH);

– Acadamh na Scannán Eorpach: tairbhí ainmnithe i gcomhthéacs chur chun cinn Dhuais LUX Pharlaimint na hEorpa;

– Ceolfhoireann Óige an Aontais Eorpaigh: gníomhaíochtaí de chuid na Ceolfhoirne atá le cistiú mar thairbhí ainmnithe a áireamh;

– Gníomhartha tarmligthe maidir le cláir oibre bhliantúla a ghlacadh;

– Tuilleadh mionsonraí cur chun feidhme maidir le sineirgí le cláir eile;

– Luach intreach an chultúir mar chuspóir ginearálta nua;

– Cuspóirí sonracha nua: soghluaisteacht ealaíontóirí agus cúrsaíocht saothar, soláthar sonraí, anailísí agus táscairí, spriocphobail a mhealladh agus comhionannas inscne;

– Athruithe ar an gcreat faireacháin agus meastóireachta;

– Úsáid a bhaint as lógónna cláir;

– Bailiú sonraí le haghaidh earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta;

– Béim ar chuimsiú i ngníomhaíochtaí an chláir;

– Gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu tacú le tíortha ar bheagán acmhainní sa tsraith MEDIA.

Mar chuid den chomhaontú ar thángthas air sna cruinnithe tríthaobhacha, ghlac an Coimisiún leis an méid seo a leanas:

– Imchlúdach airgeadais an chláir arna shocrú ag € 1 842 000 000 i bpraghsanna reatha agus leithdháileadh breise € 600 000 000 i bpraghsanna 2018, ar toradh iad ar an gcoigeartú clár-shonrach dá bhforáiltear in Airteagal 5 agus in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle (i.e. rialachán CAI);

– Miondealú an bhuiséid mar chéatadáin idir na sraitheanna cláir;

– Nasc níos láidre idir Acadamh na Scannán Eorpach agus Duais LUX Pharlaimint na hEorpa, gan Acadamh na Scannán Eorpach a bheith ina thairbhí ainmnithe;

– An fhéidearthacht atá ag Ceolfhoireann Óige an Aontais Eorpaigh páirt a ghlacadh i nglaonna iomaíocha ar thograí gan í a bheith ina tairbhí ainmnithe;

– Leanúint le húsáid a bhaint as an lógó MEDIA;

– Airteagal maidir le bailiú sonraí;

– Aitheantas a thabhairt do luach intreach agus eacnamaíoch an chultúir;

– Liosta sainithe níos soiléire de na gníomhaíochtaí cláir san Iarscríbhinn;

– An cuimsiú agus an comhionannas inscne a thabhairt isteach mar phrionsabail idirdhisciplíneacha i gcur chun feidhme an chláir;

– Aitheantas níos soiléire a thabhairt do na difríochtaí idir thíortha maidir le hinneachar closamhairc a tháirgeadh, a dháileadh agus rochtain a fháil air, chomh maith leis na sainiúlachtaí teangeolaíocha agus geografacha a bhaineann leo.

Chomhaontaigh an Coimisiún freisin an litir intinne seo a leanas a eisiúint maidir le Ceolfhoireann Óige an Aontais Eorpaigh:

‘I gcomhthéacs aithris 23 agus Iarscríbhinn I, Airteagal 1, gníomhaíochtaí speisialta e) chomh maith le hAirteagal 7(5) den Rialachán thuasluaite, mar a chomhaontaigh na comhreachtóirí an 14 Nollaig 2020, dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil sé de rún aige glaonna ar thograí a sheoladh lena n-iarrtar iarratais ar dheontais oibriúcháin ilbhliantúla, deontais a bhféadfadh Ceolfhoireann Óige an Aontais Eorpaigh agus eintitis eile iarratas a chur isteach ina leith agus lena soláthrófaí an chobhsaíocht is gá le haghaidh fheidhmiú riachtanais na n-eintiteas sin. Beidh na glaonna sin faoi réir ghlacadh clár oibre, lena leagfar amach na coinníollacha beachta, amhail uainiú na nglaonna nó fad na gcomhaontuithe deontais atá beartaithe. Anuas air sin, dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil sé de rún aige an chéad cheann de na glaonna sin a sheoladh sa chlár oibre bliantúil 2021. Tá an rún sin faoi réir ghlacadh an rialacháin thuasluaite agus an chomhaontaithe deiridh maidir le buiséad an Aontais le haghaidh 2021.’

Maidir le leanúint le húsáid a bhaint as an lógó MEDIA, d’eisigh an Coimisiún an dearbhú seo a leanas:

‘Is oth leis an gCoimisiún gur chinn na comhreachtóirí an lógó MEDIA a choimeád. Tá sé sin ag teacht salach ar an gcur chuige cothrománach gan lógónna clár-shonracha a bheith ann faoi bhuiséad fadtéarmach na todhchaí. Is rún an Choimisiúin é deimhin a dhéanamh de go gcothófar caidreamh idir muintir na hEorpa agus an tAontas ina iomláine de thairbhe cláir éagsúla na hEorpa a bheith ag baint úsáid as an suaitheantas aonair Eorpach. Is coiteann an suaitheantas sin d’Institiúidí uile an Aontais, agus beidh sé ina chuid thábhachtach de na riachtanais shimplí chomhleanúnacha cheangailteacha maidir le cumarsáid agus infheictheacht ar fud na gclár. Chun teacht ar chomhaontú foriomlán i dtaca leis an gclár, is

féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an lógó MEDIA a choimeád ar an gcoinníoll nach mbainfidh sé ach le fad na tréimhse clárúcháin atá i gceist.

Níl aon amhras ar an gCoimisiún go mbíonn níos mó éifeachta le gníomhartha an Aontais a chur in iúl agus a dhéanamh follasach don phobal go forleathan gan úsáid a bhaint as aon lógó clár-shonrach. Beidh an Coimisiún ar fáil do na comhreachtóirí go fóill chun an méid sin a léiriú achar maith roimh chaibidlíocht na tréimhse clárúcháin ina dhiaidh sin'.

Tar éis don Chomhairle a seasamh a ghlacadh ar an gcéad léamh, táthar ag súil go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa an comhaontú ar thángthas air sna cruinnithe tríthaobhacha a fhormhuiniú go foirmiúil.

4. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE

Tá an seasamh ón gComhairle ina léiriú ar an gcomhaontú ar thángthas air sna cruinnithe tríthaobhacha. I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, áirítear an méid seo a leanas ar na hathruithe is mó tábhacht a tugadh isteach:

– Imchlúdach airgeadais an chláir arna shocrú ag € 1 842 000 000 i bpraghsanna reatha agus leithdháileadh breise € 600 000 000 i bpraghsanna 2018, ar toradh iad ar an gcoigeartú clár-shonrach dá bhforáiltear in Airteagal 5 agus in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle (i.e. rialachán CAI);

– Miondealú an bhuiséid idir na sraitheanna arna sloinneadh mar chéatadáin seachas mar dhearbhfhigiúirí;

– Neartú ar ghné an chuimsithe agus an chomhionannais inscne;

– Tagairt do 'chothrom na Féinne' i gcomhthéacs shraith MEDIA an chláir;

– Tagairt níos follasaí don cheol;

– Aitheantas a thabhairt do luach intreach agus eacnamaíoch an chultúir;

– Deireadh a chur le hAcadamh na Scannán Eorpach agus le Ceolfhoireann Óige an Aontais Eorpaigh mar thairbhithe ainmnithe;

– Airteagal nós imeachta coiste a chur isteach;

– Airteagal maidir le bailiú sonraí;

– Táscairí athbhreithnithe;

– Tréimhse sheasta cláir atá ailínithe le tréimhse an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil;

– Tagairt d'fhorálacha cúlghabhálachta;

Go ginearálta, sa chomhaontú ar thángthas air, coimeádtar cuspóirí an togra tosaigh ón gCoimisiún, lena gcoinnítear an leibhéal uaillmhéine ach lena gceadaítear an tsolúbthacht is gá chun an clár a chur chun feidhme.

5. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle.